

An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

Dúshlán Scoláirí – 25ú Bealtaine



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid



Dúshlán Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dúshlán 13



Táthar tar éis an clár faisnéise ‘An Damhsa Deiridh’ a eisiúint go hiomlán ar Netflix. Tá réimse suntasach staitisticí ar fáil ann faoi imreoirí agus faoina gcuid imeartha. Le blianta beaga anuas, de bharr an dul chun cinn i *dteicneolaíocht inchaite* tháinig feabhas sna slite a bhailíonn foirne staidreamh faoi imreoirí.

1. Roghnaigh teicneolaíocht inchaite **amháin** sa spórt.
2. Déan taighde ar an gcaoi a n-oibríonn an teicneolaíocht sin.
3. Mol **dhá** fheidhm eile atá ag teicneolaíochtaí inchaite.

Déan cur i láthair nó póstaer de do thoradh

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

<https://www.youtube.com/watch?v=g6S3gRX7ssE>

https://www.youtube.com/watch?v=qObSFdfe7I&feature=emb_lo
[go](#)

Dúshlán 14



Is minic a bhaineann dearthóirí agus innealtóirí táirge as a chéile le fáil amach conas a rinneadh é. Cabhraíonn an próiseas sin le daoine a fháil amach faoi na hábhair a úsáideadh, conas a oibríonn na comhpháirteanna agus conas a dheartar agus a chóimeáiltear na comhbhaill.

1. Roghnaigh rud éigin faoin teach is féidir a bhaint as a chéile. **Déan cinnte de go bhfuil sé briste nó as feidhm le tamall.**
2. Sceitseáil na príomhpháirteanna den táirge a bhain tú anuas.
3. Déan nótaí ar do sceitse chun comhchodanna an ruda a mhíniú agus sonraí ar an dóigh leis an acra a chóimeáil / a dhíchóimeáil

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

<https://www.youtube.com/watch?v=-odpPU6ISAE>

<https://vimeo.com/9075206>



Dúshlán Innealtóireachta

Dúshlán 13



Is iad na hinnill dóchán inmheánach an cineál is coitianta inneall teasa mar go n-úsáidtear iad i bhfeithiclí, báid, longa, eitleáin agus traenacha. Lastar an breosla chun na hinnill sin a thiomáint agus astaítear an breosla / meascán aeir tríd an sceithphíopa.

Déan **taighde** ar an dóigh a bhfeidhmíonn inneall 4 bhuille agus aird ar gach buille aonair.


Dear póstaer a léiríonn íomhá 2T den inneall agus **mínigh** go soiléir an oibríocht taobh thiar de phróiseas 4-bhuille.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Cliceáil ar an [nasc](#) seo chun amharc ar fhíseán 3 nóiméad ar oibríocht inneall 4 bhuille.

Chun cur le do chuid foghlama breathnaigh an [físeán](#) seo agus beidh níos mó eolais agat ar innill 2 bhuille.

Dúshlán 14



Chuir nuálaíochtaí úra teicneolaíochta go mór le próisis oibre, dearadh, fréamhshamhaltú, táirgeacht agus tástáil i dtionscal na hInnealtóireachta. Áirítear mar shamplaí de sin tabhairt isteach na priontála 3T, léasarghearradh, Dearadh Ríomhchuidithe (DRC), Monarú Ríomhchuidithe (MRC) srl.

Déan iniúchadh ar réabhlóid na priontála 3T i dtionscal na tógála agus cuir le cheile físeán 1 nóiméad a aibhsíonn ar bhealach cruthaitheach na céimeanna chun cinn a glacadh sa phriontáil 3T ar na próisis thraidisiúnta déantúsaíochta.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh an [físeán](#) 3 nóiméad seo “Cén rud é priontáil 3T agus conas a oibríonn sí?”

Lean na [nasc](#) seo go bhfeice tú conas priontáil 3T a úsáid le tithe a chruthú sa chomhphobal.



Dúshlán Grafaice

Dúshlán 13



Roghnaigh gnáthacra éigin a bhíonn in úsáid agat gach lá.

Déan sceitse den acra sin agus aird agat ar a chuid toisí.



Cuir isteach ar a laghad trí phríomhthoise.

Bain feidhm as teicníc rindreála le do sceitse a fheabhsú.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Taispeántar sa [nasc](#) seo roinnt sceitseála agus roinnt teicnící rindreála.

Dúshlán 14



Úsáid an suíomh láithreáin: <https://www.nctm.org/Classroom-Resources/Illuminations/Interactives/Isometric-Drawing-Tool/> chun blocshamhail a chruthú de do chuid inisealacha féin nó d'aon samhail oiriúnach eile.

Iniúch a bhonnchló agus a ingearchló ag úsáid na huirlise iniúchta.

Cuir isteach dathú leis na dromchlaí difriúla a aibhsiú ar an acra.


Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Tugtar leis an [nasc](#) seo buneoas ar na bogearraí.



Dúshlán Teicneolaíocht Adhmaid

Dúshlán 13



Teicnící Sceitseála agus Rindreála

Is modh iontach é sceitseáil saorlámhe chun smaointe a chur in iúl dár dtionscadail.

Nuair a sceitseáiltear sonraí ar shnáithe adhmaid agus rindreáil cuidíonn sé go mór lenár smaointe a thabhairt chun beochta ar pár.

Úsáid na físeáin teagaisc seo a leanas chun feabhas a chur ar do chuid sceitseála nuair a bhíonn tú ag cur do dhearaí tionscadail i láthair i dTeicneolaíocht Adhmaid.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:
Amharc ar an bhfíseán teagaisc seo le cabhrú leat le [patrún an tsnáithe](#).

Díríonn an físeán teagaisc seo ar do sceitsí snáithe adhmaid a [rindreáil](#).

Dúshlán 14



Dúshlán Dearaidh

Agus muid ag dearadh agus ag obair le hadhmad, is gnách go dtosaítear le sceitsí nó le líníochtaí saorlámhe chun ár smaointe dearaidh a fhorbairt. Bíonn cruthanna nó cuair chasta ag baint le roinnt de na smaointe sin is ga a aistriú chuig an adhmaid ionas gur féidir linn na rudaí a dhéanamh.

Dear faoileoir adhmaid a eitleoidh ar feadh níos faide ná **cúig shoicind**. Déan fréamhshamhail chairtchláir de do dhearadh.

Úsáid na scileanna rindreála a d'fhoghlaim tú sa dúshlán roimhe seo chun sonra an tsnáithe adhmaid a chur le do líníochtaí agus le do fhréamhshamhail.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Coimhéd an [físeán](#) seo le cuidiú leat do smaointe dearaidh a aistriú ón bpáipéar chuig do fhréamhshamhail chairtchláir.

Múinteoirí Teicneolaíochta ...

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc. Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d'fhóirfeadh dá scoláirí.

Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshlán gach Aoine ar ár leathanach gíolcaireachta Jct4

Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s'acu chuig an seoladh r-phoist Jct4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid